Aighneacht Tuairisc.ie

# ‘Ag spreagadh fhoilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge’

## Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

*Márta 2022*

# CÚLRA


A Chathaoirligh, a Theachtaí Dála agus a Sheanadóirí, ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh ar dtús as an deis labhairt ós bhur gcomhair inniu faoi ábhar go ndéantar neamhaird go minic air – iriseoireacht scríofa na Gaeilge.


Seirbhís nuachta do phobal uile na Gaeilge in Éirinn agus thar lear í Tuairisc.ie, atá á cur ar fáil ag Tuairisc Bheo Teoranta.

An eagraíocht thrasteorann Foras na Gaeilge a chuireann maoiniú ar fáil dúinn. Foilsíodh Tuairisc.ie gach lá den tseachtain ó tháinig ann dó ar an 9 Deireadh Fómhair 2014. Seirbhís nuachta ilmheáin ilardáin atá i Tuairisc agus é mar sprioc againn go mbeadh sí ar thús cadhnaíochta i bhforbairt na hiriseoireachta i nGaeilge.

Tá Tuairisc ina cuid lárnach anois de shaol phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta. De réir na bhfigiúirí go léir, tá dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh againn ó bunaíodh an tseirbhís ar líne agus is ríléir ó na figiúirí sin go mbraitheann an pobal gur seirbhís í ar féidir leo brath uirthi agus a bheith mórtasach aisti.


Is dócha go bhfuil Tuairisc.ie anois ar an suíomh aonteangach Gaeilge is mó tráchta ar líne agus fágann an tóir a bhíonn ag daoine uirthi gach lá gur dócha go mbíonn níos mó Gaeilge á léamh anois ag daoine ná mar a bhí riamh.






Údar misnigh agus bróid dúinn leis go bhfuil Tuairisc á fhoilsiú gan teip gach lá le breis is 2,700 lá anuas. Tá an méid sin déanta in ainneoin gur maoiniú d'fhoilseachán ar líne uair sa tseachtain atá againn ó 2014 i leith. Cé gur maoiniú do nuachtán seachtainiúil a tugadh dúinn seacht mbliana ó shin taibhsíodh dúinn nach n-oibreodh a leithéid de mhúnla agus shocraíomar seirbhís laethúil a chur ar fáil. Ba é an cinneadh ceart in ainneoin an dua a bhain le seirbhís laethúil a choimeád beo ó shin gan dóthain foirne ná acmhainní.

Mar sin tá seirbhís níos rialta, níos cuimsithí agus níos rathúla á cur ar fáil againn ná mar a cuireadh ar fáil roimhe seo, cé gur lú an maoiniú atá againn ná na nuachtáin a chuaigh romhainn.



# CUR CHUIGE

Is ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta is mó atá Tuairisc.ie dírithe – is é sin na daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais – agus ní dhéanaimid aon leithscéal faoi sin.

Ní shin le rá go mbíonn aon duine á chur ó dhoras againn – tá rannóg d'fhoghlaimeoirí againn agus tá an áis 'foclóirí' againn chun cabhrú le daoine agus iad ag léamh ar an suíomh. Leagtar an-bhéim ar Tuairisc ar cheartúsáid na teanga agus d'fhéadfaí a mhaíomh gur áis foghlama atá sa suíomh go léir d'aon duine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim nó cur leis an nGaeilge atá acu.

Tá fáilte roimh chách ar Tuairisc.ie agus bíonn gach saghas ábhair ó gach cearn den domhan againn. Ach mar gheall ar na hacmhainní´ a bheith chomh gann sin againn, is é an cur chuige atá ag Tuairisc ná béim ar leith a leagan ar scéalta nuachta a gcuireann pobal na Gaeilge agus Gaeltachta suim iontu agus nach ndéantar tuairisciú rómhinic orthu sna meáin Bhéarla.
Is minic, mar sin, go bhfágtar faoi lucht anailíse agus cholúnaithe Tuairisc scéalta náisiúnta nó idirnáisiúnta eile.

I gcás scéalta rímhóra náisiúnta nó idirnáisiúnta, déanann Tuairisc.ie gach iarracht na scéalta sin a thuairisciú chomh tapaidh leis na meáin eile. Dá ndéanfaí é sin rómhinic, áfach, is é an toradh a bheadh air ná nach mbeadh ar bun againn ach aistriúchán faoi dheifir ar scéalta a mbeadh leaganacha níos údarásaí díobh ar fáil i mBéarla ó dhreamanna eile a bhfuil na hacmhainní acu don chúram.

B'fhearr linn, i bhfianaise na n-acmhainní fíortheoranta atá againn, seirbhís údarásach shainiúil a chur ar fáil dár bpobal, seirbhís nach bhfuil a macasamhail ar fáil aon áit eile.

Tugtar scéalta 'Gaeilge' ar an iliomad cineálacha scéalta go bhféadfaí chomh maith céanna scéalta oideachais, scéalta dlí, scéalta polaitiúla, scéalta daonna, nó scéalta faoi chearta an duine a thabhairt orthu. An cur chuige atá ag Tuairisc.ie ná tús áite a thabhairt do na scéalta seo, scéalta a rachadh i ngan fhios don phobal go minic mura ndéanfaí amhlaidh. Caithfimid le cás na Gaeilge mar cheist thábhachtach d'Éirinn go léir.

Cuirimid romhainn plé macánta bríomhar a dhéanamh ar gach gné de chás na Gaeilge, de pholasaí teanga an dá Stát agus de shaol phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Cuirtear ardán ar fáil ar Tuairisc do ghlórtha éagsúla agus tuairimí éagsúla ar mhaithe le díospóireacht fhónta atá bunaithe ar eolas a spreagadh, rud a chuireann le seasamh agus stádas na Gaeilge as phobal. 'Focal, fís agus fuaim' an cur chuige ba mhaith linn a bheith againn ar Tuairisc.ie i gcónaí, ach tá forbairt na gné ilmheán den suíomh ag brath go mór ar acmhainní breise.

Déanaimid iarracht leas na Gaeilge agus na Gaeltachta a dhéanamh trí imscrúdú agus tuairisciú a dhéanamh ar gach gné de chás na Gaeilge agus na Gaeltachta, de pholasaí teanga agus Gaeltachta an Stáit agus de shaol phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Déanaimid iarracht leas na teanga agus an phobail a dhéanamh trí thuairisciú agus anailís oibiachtúil mhacánta a dhéanamh ar chás na teanga agus na Gaeltachta, seachas a bheith ag seachaint na fírinne ar mhaithe le meon dearfach gan bhunús a chothú.


# LÉITHEOIRÍ


Idir 2014 agus 2021, thug 1,584,830 duine 5,406,315 cuairt ar an suíomh agus d'amharc na daoine sin ar 12,738,503 leathanach.


Maidir leis na seirbhísí nuachta ar líne, idir Bhéarla agus Ghaeilge, léirigh suirbhé a rinne TG4 agus OÉ, Gaillimh in 2021 go bhfuil Tuairisc.ie agus RTÉ.ie, an mórshuíomh Béarla, gob ar ghob ar bharr an liosta. Tugadh le fios i 61% de na ceistneoirí go mbaintear úsáid i gcónaí nó go minic as RTÉ.ie mar fhoinse nuachta. 59% a bhí i gceist i gcás Tuairisc.ie sa dara háit.


Ó bunaíodh Tuairisc.ie fágadh os cionn 20,000 trácht faoi scéalta Tuairisc.ie ar an suíomh féin agus spreag scéalta Tuairisc.ie na milliúin trácht agus idirghníomhaíocht eile ar na meáin shóisialta. De réir taighde a rinne an Dr Kevin Scannell, an saineolaí is mó ar domhan ar úsáid na Gaeilge ar líne, tá Tuairisc.ie i lár an aonaigh i measc phobal na Gaeilge ar líne.

## Na léitheoirí






*Léaráid le Kevin Scannell*

# MAOINIÚ

Nuair a bunaíodh Tuairisc bhí go leor éiginnteachta ann faoina raibh i ndán d'iriseoireacht scríofa na Gaeilge sa ré dhigiteach agus deireadh curtha le nuachtáin chlóite na Gaeilge.

Mar atá ráite cheana, cuireadh dóthain maoinithe ar fáil do Tuairisc.ie a chuirfeadh nuachtán seachtainiúil ar líne amach, ach tá seirbhís laethúil curtha ar fáil againn ó shin agus í níos cuimsithí ná mar a bhíothas ag súil.

Tá maoiniú níos lú á fháil ag Tuairisc.ie mar dheontas bliantúil ná mar a bhí á fháil breis is deich mbliana ó shin ag an nuachtán seachtainiúil a bhí ann romhainn, in ainneoin seirbhís i bhfad níos rialta a bheith á cur ar fáil againn.

Sin gan trácht ar an mbearna mhillteanach a bhí riamh ann idir maoiniú na meán scríofa Gaeilge agus maoiniú na meán Gaeilge agus eagraíochtaí Gaeilge eile.

Dá fheabhas cuid acu, ní léir dúinne aon tábhacht bhreise a bheith ag baint le go leor de na seirbhísí eile sin seachas mar atá ag baint le seirbhís nuachta scríofa ilmheáin ar ardchaighdeán. Go deimhin, is deacra an bhearna seo a thuiscint nuair a chuimhníonn tú ar a thábhachtaí is atá an tseirbhís nuachta ar líne anois i gcomparáid le seacht mbliana ó shin fiú.

€500,000 sa bhliain an ciste d'iriseoireacht scríofa na Gaeilge ó 2014 i leith. Breis is €800,000 sa bhliain a bhíodh ann roimhe sin.

Breis is €60 milliún atá ag craoltóirí na Gaeilge agus nílimid ina ndiaidh orthu – is maith ann iad – ach is léir go bhfuil rud éigin bun os cionn leis an maoiniú atá ar fáil do na nuachtáin agus na hirisí Gaeilge.

# NA DÚSHLÁIN

1. Mar atá ráite cheana againn easpa acmhainní agus easpa foirne na dúshláin is mó atá roimh Tuairisc.ie. Fágann na deacrachtaí bunúsacha sin gur tréimhse chaomhnaithe agus dhaingnithe atá romhainn ó thaobh na seirbhíse de. Tá creidiúint mhór ag dul d'Fhoras na Gaeilge as an gcinneadh a ghlacadh nuachtán ar líne a fhorbairt agus as tacú leis an múnla a leag Tuairisc.ie síos, ach beidh síorfhorbairt agus síorinfheistíocht ag teastáil ón gcineál seirbhíse a chuireann Tuairisc.ie ar fáil, go háirithe mar go mbíonn an teicneolaíocht agus na múnlaí iriseoireachta sa réimse seo ag athrú an t-am go léir.

2. Ar na dúshláin mhóra eile atá roimh Tuairisc.ie tá an ghéarchéim teanga féin, agus go háirithe an ghéarchéim scríbhneoireachta atá ann sa Ghaeilge. Ónár dtaithí i mbun na foilsitheoireachta ar líne le breis is seacht mbliana anuas tá easpa mhór iriseoirí sa Ghaeilge atá oilte sa chúram seo. Mar sheirbhís nuachta a bhíonn ag foilsiú ábhair gach lá agus ag saothrú in aghaidh an chloig i gcónaí, níl na hacmhainní againn an oiread agus ba mhaith linn a dhéanamh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim sin. Ó thaobh na hiriseoireachta scríofa, tá, b'fhéidir, cúigear sa tír go léir a bhfuil beatha á shaothrú acu aisti. Tá cúrsaí acmhainní go mór sa treis anseo arís agus is minic a d'fhág iriseoirí óga maithe nuachtán Gaeilge chun dul ag obair áit éigin a raibh pá agus coinníollacha oibre níos fearr ar fáil.

3. Fadhb bhunúsach don iriseoireacht i nGaeilge easpa stádais na Gaeilge sa stát. I mBéarla amháin a bhíonn fáil ar chuid mhór den bhuneolas ón Stát a mbíonn iriseoirí ag tarraingt as - preasráitis, óráidí, tuarascálacha srl. Mar shampla i mBéarla amháin a bhí na ráitis laethúla faoi Covid-19 a chuir an Roinn Sláinte amach. Bíonn ar Tuairisc.ie na ráitis agus an t-eolas a aistriú gach lá.  An nós a bhíonn ag cuid mhaith iriseoirí ná eolas a lorg ó ranna stáit i mBéarla más freagra pras atá uathu. Nuair a chuirtear ráitis nó eolas ar fáil i nGaeilge is minic nach aon chabhair rómhór é. Is minic go mbíonn ort dul ar ais go dtí an bunleagan Béarla chun ciall a bhaint as an drochaistriúchán Gaeilge.

# MOLADH

Agus an teanga féin ag staid an-leochaileach, rud a mbaineann dúshláin ar leith leis do na meáin Ghaeilge, Tuairisc.ie san áireamh, is ‘dea-scéal’ an rath atá ar ár suíomh nuachta.

Creidimid gur chóir anois muinín a léiriú sa mhúnla atá leagtha síos againn agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil chun an nuachtán ar líne a fhorbairt.

Is den riachtanas é go léireodh maoiniú Tuairisc.ie tábhacht, caighdeán agus rath intomhaiste na seirbhíse. Ba chóir go léireodh an maoiniú chomh maith tuiscint níos fearr ar an bhforbairt bhreise iontach a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an tseirbhís ar líne, ar mhaithe le hiriseoireacht na Gaeilge agus le pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Sna cúig bliana romhainn ba mhian le Tuairisc.ie a stádas mar phríomhfhoinse nuachta ar líne phobal na Gaeilge a chosaint agus a neartú oiread agus is féidir.

Ba mhaith linn fanacht ábhartha i gcónaí i réimse a bhíonn ag athrú de shíor.

Tá sé in am an dílseacht mhór atá léirithe ag pobal na Gaeilge do Tuairisc.ie a chúiteamh leo trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar an tseirbhís. Faraor níl aon mhórfhorbairt bhreise i ndán do Tuairisc.ie sa tréimhse amach romhainn d’uireasa athrú suntasach chun feabhais ar an maoiniú agus na hacmhainní atá ar fáil dúinn.

Mar sin is bunsprioc straitéiseach de chuid an chomhlachta í cur le hacmhainní agus maoiniú Tuairisc.ie. Údar misnigh dúinn san obair sin gur aontaíodh sa chonradh cúig bliana atá againn le Foras na Gaeilge go ndéanfar athbhreithniú rialta ar an maoiniú atá ar fáil dúinn.

Idir an dá linn, ba mhaith linn a mholadh do bhaill an choiste seo go n-iarrfadh sibh ar na heagrais stáit go léir a bhfuil lámh acu sa chúram go gcuirfí maoiniú breise ar fáil don earnáil seo a léireodh an tábhacht a bhaineann léi do phobal na Gaeilge agus don teanga féin.